# RÁITEAS UM CHUMHDACH LEANAÍ

**Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, atá ceangailteach ar gach ball dár gCumainn, aontaithe ag Cumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir, Leitir Móir, Gaillimh, Éire, H91X725 (ina n-áirítear CLG, Peil na mBan, Camógaíocht, Liathróid Láimhe agus Corr) de réir ár bpolasaí um Chumhdach Leanaí, ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár riachtanais reachtúla.**

Áirítear le bunaidhmeanna Chumann Lúthchleas Gael cothú agus forbairt ár gCluichí Gaelacha agus gníomhaíochtaí cultúrtha na hÉireann i measc daoine óga agus leanaí. Eagraíonn agus cuireann ár n-oibrithe deonacha tiomnaithe na cluichí agus na gníomhaíochtaí lena mbaineann chun cinn ag leibhéil Chumainn Chontae, Chúige agus Náisiúnta le comhoibriú agus tacaíocht ó chohórt foirne atá chomh tiomnaithe céanna, atá tiomanta do chumhdach leanaí agus daoine óga inár gCumann agus muid ag iarraidh timpeallacht shábháilte a chruthú do dhaoine óga inar féidir leo fás agus forbairt. **Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo aontaithe ag Coiste Feidhmeannais CLG agus Peil na mBan Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir ar Bealtaine 11, 2025.**

## PRIONSABAIL MAIDIR LE LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHOCHAR

Aithnítear sa ráiteas seo go bhfuil leas leanaí ríthábhachtach i ngach cúinse de réir na reachtaíochta agus de réir riachtanais an bPolasaí um Chumhdach Leanaí, (Cód QR 1), maidir le gach leanbh a chosaint ó dhochar beag beann ar chine, ar chumas, ar eitneacht nó ar chlaonadh gnéis agus go bhfuil leas leanaí ar an rud is tábhachtaí i gcónaí.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí um Chumhdach Leanaí a chinntiú go mbíonn taithí dhearfach, fhorbartha agus thaitneamhach ar Chluichí Gaelacha ag gach leanbh agus duine óg agus nuair atá siad ag glacadh páirte inár gcuid gníomhaíochtaí go ndéanann siad é sin, a mhéid agus atá indéanta, i dtimpeallacht shábháilte agus thaitneamhach de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí (2015) agus de réir an Ordaithe um Leanaí 1995 (TÉ)

## NÓSANNA IMEACHTA

Réitíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na riachtanas reachtúil atá san *Acht um Thús Áite do Leanaí* 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017), an Ordú um Leanaí (TÉ) 1995, Cumhdach Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas agus de réir mar is gá i rialacha ár gCumainn de réir ár bPolasaí um Chumhdach Leanbh.

## NÓSANNA IMEACHTA AITHEANTA

**Tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas a luaiteear inár bPolasaí um Chumhdach Leanaí (Cód QR 1) leis an gcuspóir atá againn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár gcuid seirbhísí agus ár n-imeachtaí.**

- > Nós imeachta i ndáil le bainistíocht líomhaintí mí-úsáide in aghaidh ball, daoine nach baill iad nó baill foirne nó oibrithe deonacha a úsáideann ár seirbhísí (Cód QR 3)
- > Nós imeachta maidir le hearcú agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha le hoibriú le leanaí agus daoine óga (Cód QR 1)
- > Nós imeachta maidir le soláthar agus rochtain ar oiliúint agus eolas um chosaint leanaí na gCluichí Gaelacha lena n-áirítear sainaithint gur tharla dochar (Cód QR 1)
- > Nós imeachta maidir le tuairisciú líomhaintí gnéis maidir le tuairisciú imní úsáide, cosaint nó leas leanaí chuig an gCumann, Tusla nó Foireann Gateway de réir mar is cuí (Cód QR 3)
- > Nós imeachta maidir le duine ábhartha a cheapadh, i.e. an tOifigeach Leanaí Club arb é an duine ábhartha é/í chun críche an ráitis seo (Cód QR 1)
- > Coinneoidh ár gClub liosta de na baill ar daoine aitheanta a bhfuil údarás acu, beag beann ar an ról atá acu (má tá ról ar bith acu) sa chlub de réir an Achta Tús Áite do Leanaí 2015.

## MEASÚNÚ RIOSCA

Agus an ráiteas seo á réiteach againn, tá measúnú riosca déanta againn, agus aithníodh na nósanna imeachta agus polasaithe maidir leis na rioscaí seo a bhainistiú, a thugann faoin bhféidearthacht atá ann do dhochar do leanaí agus iad ag glacadh páirte inár gcluichí agus ag freastal ar ár n-imeachtaí faoi na ceannteidil seo a leanas.

Rinneadh Measúna Riosca an Chlub ar **Bealtaine 11, 2025**

- **> Club/Contae agus Cleachtais Chóisteála**
- **> Cúrsaí Cumarsáide agus an Baol Ginearálta do Dhochar.**
- **> Gearáin & Cúrsaí Smachta**
- **> Nósanna imeachta maidir le tuairisciú**
- **> Áiseanna de chuid an Chlub**
- **> Earcaíocht**

* Is ionann dochar i gcás leanaí agus - ionsaí, drochíde nó neamart a bheith déanta ar leanbh ar bhealach a bhfuil drochthionchar, nó a d'fhéadfadh drochthioncar, a bheith aige ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas an linbh, nó, mí-úsáid ghnéis linbh.

| RIOSCA SAINAITHEANTA | NÓSANNA IMEACHTA LE DEILEÁIL LE RIOSCA | CÓD QR |
|---|---|---|
| Baol dochair do leanbh ó dhuine fásta, ó chuairteoir nó ó leanbh eile ina n-áirítear sainmhínithe ar cad is mí-úsáid ann | • Polasaí um Chumhdach Leanaí<br>• Treoir maidir le Déileáil le agus le Tuairisciú a dhéanamh ar Chúiseanna Imní maidir le Mí-Úsáid<br>• Oiliúint Chumhdaithe<br>• Lámhleabhar an Fhostaí (Foirne)<br>• Polasaí Nochtuithe Cosanta de chuid CLG | Cód QR 3 |
| Baol dochair do leanbh agus gníomhaíocht á óstáil agus/nó turas as baile. | • Polasaí um Chumhdach Leanaí<br>Treoracha Pholasaí um Chumhdach Leanaí maidir le;<br>• Earcaíocht, Grinnfhiosrúchán agus Traenáil um Chumhdach Leanaí;<br>• Treoir do Chóitseálaithe Thuismitheoirí agus do Lucht Tacaíochta maidir le dea-chleachtas agus dea-iompar a choinneáil, maidir le ócáidí a óstáil, turais as baile agus cúrsaí iompair, treoracha do na meáin shóisialta; grianghrafadóireacht, taifeadadh agus sruthú.<br>• Treoir maidir le Déileáil le agus le Tuairisciú a dhéanamh ar Chúiseanna Imní maidir le Mí-Úsáid<br>• Lámhleabhar an Fhostaí (Foirne)<br>• Polasaí Nochtaithe Cosanta de chuid CLG | Cód QR 1 |
| Baol dochair do leanbh de dheasca easpa maoirseachta | Treoracha Pholasaí um Chumhdach Leanaí maidir le;<br>• Earcaíocht, Grinnfhiosrúchán agus Traenáil um Chumhdach Leanaí;<br>• Polasaí um Mhaoirseacht Cóimheas | Cód QR 1 |
| Baol dochair do leanbh trí bhulaíocht | Treoracha Pholasaí um Chumhdach Leanaí maidir le;<br>• Polasaí Frithbhulaíochta agus Ráiteas Frithbhulaíochta | Cód QR 2 |
| Baol dochair maidir le drochíde ar na meáin shóisialta | • Polasaí um Chumhdach Leanaí<br>• Treoir maidir leis na Meáin Shóisialta | Cód QR 1 |
| Baol dochair do leanbh de dheasca mí-úsáid ghrianghrafadó ireachta | • Polasaí um Chumhdach Leanaí<br>• Polasaí maidir le Grianghrafadóireacht, Taifeadadh & Sruthú | Cód QR 1 |

## DAOINE SAINORDAITHE AGUS OIFIGIGH SLÁNCHUMHDAITHE

| | | |
|---|---|---|
| Cumann Peile Naomh Anna Oifigeach Leanaí | Áine Ní Chonghaola | *childrensofficer.naomhanna.galway@gaa.ie* |
| Cumann Peile Naomh Anna Teagmhálaí Ainmnithe | Mary Ní Loinsigh | chairperson.naomhanna.galway@gaa.ie |
| Cluiche Corr/CLG | Michelle Harte | mandatedperson@gaa.ie |
| An Cumann Camógaíochta | Roberta Farrell | mandatedperson@camogie.ie |
| Liathróid Láimhe | David Britton | mandatedperson.handball@gaa.ie |
| Peil na mBan | Paula Prunty | mandatedperson@lgfa.ie |

## FORFHEIDHMIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tá Cumainn na gCluichí Gaelacha agus CLG agus Peil na mBan Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chumhdach Leanaí agus an Polasaí um Chumhdach Leanaí a théann leis a bhfuil sé d'aidhm acu leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó bhaol agus iad ag fáil seirbhíse uainn. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo, atá glactha ag agus a bhfuil tacaíocht faighte aige dó, ó Choiste Feidhmeannais Club CLG agus Peil na mBan Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir roimh Bealtaine 11, 2027 nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athrú ábhartha a dhéanamh d'aon ghné a ndéanann an ráiteas tagairt di.

*Tá gach polasaí agus nós imeachta thuas ar fáil ag www.gaa.ie/the-gaa/child-safeguarding-and-protection*

Tugann **Polasaí um Chumdach Leanaí agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí** Chumainn na gCluichí Gaelacha treoir mhionsonraithe dár gcuid Clubanna agus d'aonaid eile maidir leis na bunchaighdeáin dea-chleachtais agus iompair a bhfuilimid ag súil leo ó gach duine a bhíonn ag obair le leanaí ar ár son. Tá sé d'aidhm ag an 'gCód' leanaí agus daoine óga a ghlacann páirt inár gcuid cluichí agus a fhreastalaíonn ar ár gcuid gníomhaíochtaí a chosaint.

Áine Ní Chonghaola Oifigeach Leanaí